# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014**

# STAIR – ARDLEIBHÉAL

## RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**An scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

## DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 - 4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 3)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Béal Feirste le linn an Dara Cogadh Domhanda***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) De réir dhoiciméad A, cad é a bhféadfadh briseadh amach galair a bheith mar thoradh air?
   (b) De réir dhoiciméad B, conas a rinne Hitler fabhar do na haslonnaithe?
   (c) De réir dhoiciméad A, cén fáth nach bhféadfaí timpeall 5,000 duine a chur 'ar billéad in aon chor'?
   (d) De réir dhoiciméad B, cad a léirigh an Blitz? (20)

2. (a) Cé acu doiciméad is mó a léiríonn trua do na haslonnaithe? Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.
   (b) An molann an dá dhoiciméad réiteach ar na fadhbanna a thugann siad i gceist? Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad. (20)

3. (a) I ndoiciméad A, an gcuireann Richard Dawson Bates tuairisc oibiachtúil faoi bhráid na comh-aireachta? Tabhair fáthanna le do fhreagra.
   (b) Conas a léiríonn doiciméad B láidreacht agus laige a bhaineann le príomhalt eagarthóra mar fhoinse staire? (20)

4. Cén tionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda ar chathair agus ar mhuintir Bhéal Feirste? (40)

## - Doiciméad A –

**Chothaigh an gá a bhí le lóistín a sholáthar dóibh siúd a aslonnaíodh as Béal Feirste, le linn an Blitz, fadhbanna do rialtas Stormont. Léirigh an tAire Gnóthaí Baile, Richard Dawson Bates, an staid i dtuairisc don chomh-aireacht (13/5/1941). Seo sliocht coimrithe.**

De réir mar atá cúrsaí anois, tá gach lóistín lán go béal. Tá 900 duine i Lios na gCearrbhach, 2,000 i nDún Muirígh agus 300 i mBaile Átha Cliath. Tá sé geallta againn iad a thabhairt chun siúil a luaithe agus is féidir, ach níl aon lóistín ar fáil. Mar sin, tá an cás chomh práinneach agus a d'fhéadfadh sé a bheith.

Is bunriachtanas é go mbeadh Teach an Rialtais i gCromghlinn againn gan mhoill. Caithfimid tithe móra, institiúidí nó campaí a bheith againn do dhaoine measúla atá ar billéad faoin tuath faoi láthair. I roinnt cásanna tá 30 acu i dteach beag amháin agus iad ag maireachtáil faoi chúinsí nach bhféadfaí a bheith ag súil go nglacfaidís leo, agus is é an toradh a bheidh air ná ráig ghalair.

Is dócha go bhfuil thart ar 5,000 duine sa tír nach féidir iad a chur ar billéad in aon chor. Ní féidir iad a chur ar billéad mar gheall ar na nósanna pearsanta fodhaonna atá acu. Ní mór campaí nó institiúidí, faoi mhaoirseacht chuí, a bhunú dóibh siúd.

## - Doiciméad B -

**Ar an 26/4/1941 rinne an *County Down Spectator* trácht freisin ar fhadhbanna na n-aslonnaithe, sa sliocht coimrithe seo ó phríomhalt eagarthóra.**

Tá an Blitz tar éis a chur ar ár súile dúinn an dealús as cuimse atá sna ceantair is boichte i mBéal Feirste. Is mór an náire don tsibhialtacht a bhfuil meas chomh mór sin againn uirthi an bhochtaineacht atá tugtha chun solais ag na hionsaithe seo ón namhaid.

Más aon chomhartha é brocamas mórán de na haslonnaithe ar na prochóga a scuabadh chun siúil i mBéal Feirste, rinne Hitler gar do na daoine bochta seo, chomh fada agus a bhaineann sé lena gcuid 'tithe' a scriosadh.

Tá an oiread sin á fhulaingt againn i dteannta a chéile, ach fós ceapaimid go mbeidh seans níos fearr acu siúd atá faoi chois inár measc tar éis an chogaidh.

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

### Éire agus an tAontas, 1815-1870

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh héifeachtach agus a bhí an méid a chuir Dónall Ó Conaill leis na feachtais le haghaidh Fhuascailt na gCaitliceach agus le haghaidh Aisghairm an Aontais? (100)
2. Le linn na tréimhse 1815-1850, cad iad na dálaí ar tháinig géarchéim eacnamaíochta in Éirinn mar thoradh orthu? (100)
3. Cad a chuir Tomás Dáibhis agus/nó James Stephens le forbairt náisiúnachas na hÉireann? (100)
4. Ón staidéar a rinne tú ar chúrsaí creidimh in Éirinn, 1815-1870, cén tábhacht a bhain leis an Mháthairab Mary Aikenhead agus/nó le Sionad Dhurlais (1850) agus Rómhánú na hEaglaise Caitlicí? (100)

*Éire: Topaic 2*

### Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir Parnell leis na gluaiseachtaí le haghaidh Rialtas Dúchais agus le haghaidh leasú chóras na talún? (100)
2. Sa tréimhse anuas go dtí 1914, ar éirigh le gluaiseacht na nAontachtaithe? (100)
3. An teip amach is amach a bhí i stailc agus frithdhúnadh Bhaile Átha Cliath i 1913? Déan do chás a áitiú. (100)
4. Ón staidéar a rinne tú ar chúrsaí cultúir agus creidimh, 1870-1914, cé chomh tábhachtach agus a bhí ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Dubhghlas de hÍde agus Conradh na Gaeilge; comhdhlúthú an ionannais Chaitlicigh; W.B. Yeats agus Athbheochan Litríochta na nAngla-Éireannach? (100)

*Éire: Topaic 4*

### Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhthreochtaí a bhain le heisimirce na hÉireann, 1840-1920? (100)
2. Conas a rinne ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas iarracht mothú féiniúlachta a chothú i measc imirceach, 1840-1966: na heaglaisí; CLG; an tOrd Oráisteach? (100)
3. Cad iad na dúshláin agus na deiseanna a bhí roimh imircigh Éireannacha sa Bhreatain, 1920-1966? (100)
4. Ón staidéar a rinne tú ar na hÉireannaigh thar lear, 1840-1966, cé chomh tábhachtach agus a bhí ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Grosse Isle; cruthú íomhánna Éireannacha trí scannáin agus trí cheol; Paul O'Dwyer? (100)

## *Éire: Topaic 5*
## **An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhathruithe sóisialta agus eacnamaíochta a tharla i dTuaisceart Éireann, 1949-1993? (100)
2. Cé acu ba rathúla, Comhaontú Sunningdale (1973) nó an Comhaontú Angla-Éireannach (1985)? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá cheann acu. (100)
3. Conas a léirigh muintir Thuaisceart Éireann a cleamhnú creidimh agus a féiniúlacht chultúir, 1949-1993? (100)
4. Cad a chuir Bernadette Devlin agus/nó Margaret Thatcher le cúrsaí i dTuaisceart Éireann? (100)

## *Éire: Topaic 6*
## **An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tionchar ar Éirinn a bhí ag an gCéad Chlár um Fhairsingiú Eacnamaíoch, 1958-1963 agus/nó ballraíocht i gCEE? (100)
2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí Seán Ó Loingsigh (Jack Lynch) mar Thaoiseach agus é ag láimhseáil gnóthaí intíre agus eachtracha? (100)
3. Conas a chabhraigh Gearóid Mac Gearailt (Garret FitzGerald) agus/nó Máire Mhic Róibín (Mary Robinson) le hathruithe a thabhairt chun cinn i bPoblacht na hÉireann? (100)
4. Ón staidéar a rinne tú ar chúrsaí cultúir agus creidimh, 1949-1989, cé chomh tábhachtach agus a bhí ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: athruithe meoin i leith na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh; an tArdeaspag Seán Mac Uáid (John Charles McQuaid); tionchar na réabhlóide cumarsáide? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá cheann de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhfhorbairtí polaitiúla a tharla sna tailte Gearmánacha le linn na tréimhse 1815-1871? (100)
2. Cén fáth a raibh an Fhrainc míshocair ó thaobh na polaitíochta de le linn na tréimhse 1815-1871? (100)
3. Cad iad na príomhfhorbairtí sóisialta agus eacnamaíochta a tharla san Eoraip, 1815-1871? (100)
4. Le linn na tréimhse 1815-1871, cad iad na forbairtí ba thábhachtaí i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: eolaíocht; teicneolaíocht; pleanáil chathrach? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a d'fhorbair polasaí eachtrach na Gearmáine faoi Bismarck agus Wilhelm II? (100)
2. Cad iad na príomhfhorbairtí sóisialta agus eacnamaíochta a tharla san Eoraip le linn na tréimhse 1871-1914? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag an bhfrith-Ghiúdachas sa Fhrainc agus sa Rúis, 1871-1920? (100)
4. Cad a d'fhoghlaim tú faoin gCéad Chogadh Domhanda agus faoi Shocrú na Síochána tar éis an chogaidh, ón staidéar a rinne tú ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: an cogadh á fhearadh; mná sa líon saothair; Woodrow Wilson? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

### Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a léirigh Máirseáil Jarrow (1936) na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a bhí ag an mBreatain sa tréimhse idirchogaidh? (100)
2. Conas a d'fhorbair an caidreamh idir eaglais agus stát faoi Mussolini agus Hitler? (100)
3. Cén rath a bhí ar an bhFrainc le linn na tréimhse 1920-1945? (100)
4. Cad iad na dúshláin a bhí roimh an Aontas Sóivéadach le linn síochána agus cogaidh, 1924-1945? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Faoi cheann Éirí Amach na hUngáire (1956), cé chomh maith agus a d'éirigh leis an Aontas Sóivéadach ina bheartas "sóivéadú" a dhéanamh ar Oirthear na hEorpa? (100)
2. Cén fáth ar cuireadh an CEE ar bun agus conas a d'fhorbair sé le linn na tréimhse 1957-1973? (100)
3. Cad a chuir Mikhail Gorbachev agus/nó an Pápa Eoin Pól II le cúrsaí na hEorpa? (100)
4. Le linn na tréimhse 1945-1992, cé chomh tábhachtach agus a bhí na forbairtí i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: dul chun cinn sna heolaíochtaí bitheacha; cumhacht núicléach; an ríomhaire? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhthionchair shóisialta agus eacnamaíochta a bhí ag cúlú na hEorpa ó impireachtaí ar an Afraic, 1945-1990? (100)
2. Cé acu ba mhó a raibh iarmhairtí aige, astarraingt na Breataine ón bPalaistín nó astarraingt na Breataine ón India? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá cheann acu. (100)
3. Cén fáth ar eascair diminsean idirnáisiúnta as Géarchéim Shuais (Suez) (1956) agus/nó dealú Katanga ón gCongó? (100)
4. Cén tábhacht a bhain le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Ho Chi Minh; Achmad Sukarno; caidreamh ciníoch sa Fhrainc sna 1980idí? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar fhan caidreamh ciníoch ina cheist mhór sna Stáit Aontaithe, 1945-1989? (100)
2. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le Lyndon Johnson mar cheannaire polaitiúil? (100)
3. Cad iad na forbairtí suntasacha a tharla i ngeilleagar na Stát Aontaithe, 1945-1989? (100)
4. Conas a d'éirigh leis na Meiriceánaigh tuirlingt slán ar an ngealach i 1969 agus cé chomh tábhachtach agus a bhí sé sin do SAM? (100)

Leathanach Bán